2025/1973

30.9.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1973 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Meán Fómhair 2025

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1720 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 14 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/1720 ([1]).

(2) Tá feidhm ag Cinneadh (CBES) 2019/1720 go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2025. Ar bhonn athbhreithniú ar an gCinneadh sin, ba cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a fhadú go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2026, agus ba cheart an ráiteas ar chúiseanna maidir le beirt daoine nádúrtha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2019/1720 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1720 mar a leanas:

(1) in Airteagal 9, cuirtear ‘15 Deireadh Fómhair 2026’ in ionad an dáta ‘15 Deireadh Fómhair 2025’;

(2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BØDSKOV

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/1720 ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua (IO L 262, 15.10.2019, lch. 58, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/1720/oj).

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/1720, faoin teideal ‘A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagail 1(1) agus 2(1)’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 7 agus 9:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘7.	Rosario María MURILLO ZAMBRANA Ailias: Rosario María MURILLO DE ORTEGA	Post/poist: Comh-Uachtarán Phoblacht Nicearagua (ó mhí Feabhra 2025, Leas-Uachtarán roimhe seo, ó 2017). Bean chéile an Uachtaráin, Daniel Ortega Dáta breithe: 22 Meitheamh 1951 Áit bhreithe: Managua, Nicearagua Inscne: baineann Náisiúntacht: Nicearaguach Uimhir phas: A00000106 (Nicearagua)	Comh-Uachtarán Nicearagua ó mhí Feabhra 2025, Céadbhean Nicearagua agus ceannaire an Sandinista Youth. Leas-Uachtarán Nicearagua ó mhí Eanáir 2017 go mí Feabhra 2025. Bhí ról lárnach aici maidir leis an gcos ar bolg a rinne Póilíní Náisiúnta Nicearagua ar léirsithe an fhreasúra in 2018 a spreagadh agus údar a thabhairt leis. I mí an Mheithimh 2021, bhagair sí go poiblí ar fhreasúra Nicearagua agus chaith sí amhras ar iriseoirí neamhspleácha. Rinneadh na bagairtí sin arís agus arís eile ó shin i leith. I mí Feabhra 2023, nocht Daniel Ortega gurb í Rosario María Murillo Zembrana an duine a chur tús leis an gcos ar bolg nua, eadhon cos ar bolg a bhaineann le 222 phríosúnach pholaitiúla a dhíbirt agus a saoránacht a bhaint díobh. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach agus as an mbonn a bhaint den daonlathas i Nicearagua.	2.8.2021

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
9.	Juan Antonio VALLE VALLE	Post/poist: Ceannaire i Nicaraguan National Police (Póilíní Náisiúnta Nicearagua) Céim: Ginearálta/Coimisinéir Sinsearach Dáta breithe: 4 Bealtaine 1963 Áit bhreithe: Matagalpa, Nicearagua Inscne: fireann Náisiúntacht: Nicearaguach	Ina cháil mar cheannaire ar chéim coimisinéara shinsearaigh (an dara céim is airde) de Nicaraguan National Police (Póilíní Náisiúnta Nicearagua) agus ina cháil ceannaireachta, go dtí mí Feabhra 2025, sna póilíní in Managua, tá Juan Antonio Valle Valle freagrach as gníomhartha brúidiúlachta a rinne na póilíní arís agus arís eile agus as úsáid iomarcach an fhornirt dar toradh bás na gcéadta sibhialtach, agus tá sé freagrach as daoine a ghabháil agus a choinneáil go treallach, as sáruithe ar shaoirse chun tuairimí a nochtadh agus as léirsithe i gcoinne an rialtais a chosc. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach i Nicearagua.	2.8.2021’